Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12901/18**

**CLIMA 176**
**ENV 647**
**ONU 85**
**DEVGEN 161**
**ECOFIN 887**
**ENER 321**
**FORETS 42**
**MAR 140**
**AVIATION 125**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Deireadh Fómhair 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12631/18 |
| Ábhar: | Ullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Katowice (2-14 Nollaig 2018)<br>– Conclúidí ón gComhairle |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir leis na hullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Katowice (2-14 Nollaig 2018), a ghlac an Chomhairle ag an 3640ú cruinniú a bhí aici ar an 9 Deireadh Fómhair 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Ullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Katowice (2-14 Nollaig 2018)**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

**A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ GNÍOMHÚ AR SCÁLA DOMHANDA**

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar an bpráinn, nach raibh a leithéid ann riamh roimhe, go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí domhanda chun iarmhairtí contúirteacha an athraithe aeráide a sheachaint. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann leis an aistriú domhanda chuig geilleagair agus sochaithe inbhuanaithe aeráidseasmhacha ag a mbeidh astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa;

2. FÓGRÁIONN SÍ GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an fhianaise nua atá ann maidir le drochthionchar an athraithe aeráide, rud a dheimhnítear gan aon agó sna torthaí eolaíochtaí is déanaí a thuairiscigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) sa Tuarascáil Speisialta uaidh faoi na tionchair a ghabhann le téamh domhanda atá 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus faoi na conairí laghdaithe gaolmhara maidir le hastaíochtaí domhanda na ngás ceaptha teasa. Ar mhórchúis phráinne, ós amhlaidh atá, caithfear an fhreagairt dhomhanda ar an mbagairt ón athrú aeráide a neartú, forbairt inbhuanaithe a neartú, agus cur leis na hiarrachtaí chun an bhochtaineacht a dhíothú;

3. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfeictear sa Tuarascáil Speisialta, i gcás ina rachadh cúrsaí téimh dhomhanda in olcas, a leochailí atá sochaithe daonna agus córais nádúrtha, an tionchar a bheadh ag méadú ar an téamh domhanda orthu, agus an baol a bhaineann leis dóibh; áirítear ann an fhorbairt inbhuanaithe agus spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, rud a neartóidh cuspóirí agus spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras, agus a bheidh mar bhonn eolaíochta fúthu; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go laghdófaí rioscaí agus drochiarmhairtí an athraithe aeráide agus an téimh dhomhanda dá gcuirfí dlús leis an ngníomhaíocht dhomhanda; agus AITHNÍONN SÍ a bhfuil sna conclúidí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide .i. gur ríthábhachtach go dtiocfadh laghdú ar astaíochtaí i ngach earnáil, go ndéanfaí aistrithe i gcórais fuinnimh, córais uirbeacha, córais talún agus córais thionsclaíocha, agus go dtiocfadh athrú ar iompar an duine chun teorainn a chur leis an athrú aeráide, agus gur gá gníomhú tuilleadh ó thaobh maolú agus oiriúnú de chun go mbeadh conairí don fhorbairt ann, ar conairí ísealcharbóin iad, le gur féidir teorainn a chur leis an athrú aeráide agus dul in oiriúint do na hiarmhairtí a bhaineann leis, agus an leochaileacht a laghdú agus an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach; i ndáil leis an méid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE, AGUS IS CÚIS IMNÍ DI go bhfuil teocht an Artaigh ag ardú ar ráta atá breis agus dhá uair níos tapa ná an meánráta domhanda agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha domhanda ag eascairt as sin dá réir;

4. MEABHRAÍTEAR DI go léirítear sna tuarascálacha is déanaí ó na Náisiúin Aontaithe, ó thaobh na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a chuir na páirtithe isteach, nach gcomhlíonann na conairí astaíochtaí faoi láthair a bhfuil de dhíth chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór do gach tír cur lena gníomhaíocht mhaolúcháin agus cur leis na réimsí seo a leanas agus réimsí nach iad: an fhorbairt inbhuanaithe agus díothú na bochtaineachta, slándáil an tsoláthair bia a mhéadú, an comhionannas inscne a bhaint amach, cosaint na bithéagsúlachta, lena n-áirítear de bhíthin réitigh arb é an nádúr is bun leo, agus an urraim do chearta an duine, an urraim don cheart chun sláinte, agus an urraim do chearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil, chun leas na glúine seo agus na nglúnta amach anseo; ós amhlaidh atá, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go gcuirfí tuilleadh béime ar an eolaíocht, an t-oideachas, an oiliúint, feasacht an phobail, rannpháirtíocht an phobail agus rochtain an phobail ar fhaisnéis chun go gcuirfí leis an ngníomhaíocht a thagann faoi Chomhaontú Pháras;

5. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 26 Feabhra 2018 maidir leis an taidhleoireacht Eorpach i ndáil leis an athrú aeráide agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú domhanda ar son na haeráide agus maidir le haitheantas a thabhairt do na himpleachtaí móra atá ag an athrú aeráide ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht idirnáisiúnta;

6. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Conclúidí ón gComhairle Comhshaoil an 25 Meitheamh 2018 maidir le plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar ciorclach agus AITHNÍONN SÍ an méid a dhéanann an geilleagar ciorclach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide;

**7.** MOLANN SÍ do na páirtithe uile nach ndearna é cheana féin Comhaontú Pháras a dhaingniú a luaithe is féidir; TUGANN SÍ tacaíocht fós do chur chuige cuimsitheach lena gcinntítear gur féidir leis na páirtithe uile rannchuidiú le hoibríochtú agus le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras;

**<u>GNÍOMHAÍOCHT A CHUR CHUN CINN</u>**

8. ÁITÍONN SÍ ar na páirtithe uile dlús a chur le cur chun feidhme na n-iarrachtaí maolaithe a thosaigh siad roimh 2020 agus leis na hullmhúcháin le haghaidh chur chun feidhme na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna);

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur dhaingnigh an tAontas agus na Ballstáit leasú Doha agus MOLANN SÍ do na páirtithe uile é a dhaingniú a luaithe is féidir, mura ndearna siad amhlaidh cheana féin, ionas go bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm, cionn is gur ábhar práinne é; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil na gealltanais a thug an tAontas agus na Ballstáit maidir le 2020 faoin dara tréimhse gealltanais de chuid Phrótacal Kyoto á gcur chun feidhme acu ón 1 Eanáir 2013 i leith; CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil ag éirí go leanúnach leis an Aontas an fás eacnamaíoch agus na hastaíochtaí a dhíchúpláil óna chéile – idir 1990 agus 2016 tháinig fás 53% ar gheilleagar an Aontais agus san am céanna tháinig laghdú 23% ar iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa; agus CUIREANN SÍ IN IÚL ina theannta sin go ndealraítear, agus na bearta atá ann cheana i bpacáiste aeráide agus fuinnimh an Aontais 2020 in úsáid acu, go rachaidh an tAontas agus na Ballstáit níos faide ná an sprioc maidir le gáis ceaptha teasa a laghdú 20 % ar bhonn intíre faoi 2020;

10. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil beartais uaillmhianacha aeráide á gcur i bhfeidhm ag an Aontas, i gcomhréir le creat beartais 2030 an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh, a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014 d'fhonn an sprioc a bhaint amach astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa a laghdú 40 % ar a laghad faoin mbliain 2030 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 1990; MEABHRAÍONN SÍ gur glacadh, le déanaí, reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, lena n-áirítear maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar chóras trádála astaíochtaí an Aontais (ETS), maidir le spriocanna chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha nach dtagann faoi raon feidhme ETS, agus maidir le comhtháthú a dhéanamh ar úsáid na talún, ar athrú ar úsáid na talún agus ar earnáil na foraoiseachta i gcreat beartais an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh, i gcomhréir le NDC an Aontais agus na mBallstát; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, freisin, go méadófar sprioc 2030 an Aontais maidir le hinathnuaiteáin go 32 % agus go méadófar an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh go 32.5 %, agus go gcuirfear chun feidhme é sin trí bhíthin córas rialachais iontaofa; CUIREANN SÍ IN IÚL go mbíonn tionchar ag na spriocanna sin ar an leibhéal a bhainimid amach; BREATHNÓIDH an tAontas gona Bhallstáit ar na hiarrachtaí breise sin agus ar bheartais earnáilsonracha eile;

11. TÁ SÍ AG TNÚTH leis an togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le straitéis chun astaíochtaí an Aontais a laghdú go fadtéarmach, ar freagairt é an togra sin ar an iarraidh ó Chomhairle Eorpach an 22 Márta 2018, togra a bheidh i gcomhréir le cuspóirí agus le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus ina gcuirfear san áireamh na pleananna náisiúnta agus an eolaíocht is déanaí atá ar fáil, go háirithe an tuarascáil speisialta maidir leis na tionchair a ghabhann le téamh domhanda atá 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch; chun faisnéis a chur ar fáil maidir leis an bplé, CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart roinnt cur chuige chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a áireamh sa togra, lena rachfaí i dtreo cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte gás ar aon dul le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin cás 1.5 °C agus cur chuige amháin ar a laghad chun astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha san Aontas Eorpach a bhaint amach faoi 2050, agus na hastaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin, amhail dá dtagraítear i Rialachán an Aontais maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus leis an ngníomhú ar son na haeráide; TÁ SÍ AG TNÚTH freisin le tuilleadh plé a dhéanamh air seo, lena n-áirítear ar an leibhéal polaitiúil is airde, agus aird á tabhairt ar thoradh chéim pholaitiúil idirphlé *Talanoa*;

12. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do gach earnáil ábhartha a bheith rannpháirteach - an t-iompar, foirgnimh, an fuinneamh, an tionscal, an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus talamhúsáid eile - sna gníomhaíochtaí is gá chun laghduithe gás ceaptha teasa a dhéanamh, aistrithe a fheabhsú, teacht aniar a chothú maidir le drochthionchar an athraithe aeráide agus athruithe a dhéanamh a fhágfaidh go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann don Eoraip; AITHNÍONN SÍ ina theannta sin gur gá a bheith cóir agus athruithe á ndéanamh a bhaineann leis an lucht saothair, agus gur cuid thábhachtach de bheartas aeráide éifeachtach í obair chuibhiúil agus poist ar ardchaighdeán a chruthú;

13. MEABHRAÍONN SÍ gur gheall an tAontas agus na Ballstáit cur leis an maoiniú idirnáisiúnta mar chuid de sprioc chomhpháirteach na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana ar bhonn comhpháirteach idir 2020 agus 2025, don mhaolú agus don oiriúnú i dtíortha i mbéal forbartha, ar maoiniú é a thiocfaidh ó raon leathan foinsí, trí ionstraimí éagsúla agus trí bhealaí éagsúla, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí ciallmhara maolaithe agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme; CUIREANN SÍ i bhFIOS gurb é an tAontas agus na Ballstáit a chuireann an chuid is mó den mhaoiniú poiblí ar fáil, lena n-áirítear do na cistí aeráide iltaobhacha; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do réimse níos leithne ranníocóirí a bheith rannpháirteach amach anseo; DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR go mbeidh ról suntasach leanúnach ag an maoiniú príobháideach ar son na haeráide; TAGRAÍONN SÍ don rún atá aici conclúidí a ghlacadh maidir le maoiniú ar son na haeráide;

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh na páirtithe uile ag obair chun na sreabha domhanda airgeadais a choinneáil ar aon dul leis an gcur chuige trína rachfaí i dtreo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide; AITHNÍONN SÍ gur cuidiú é chun an sprioc sin a bhaint amach an méid atá sa teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *Action Plan: Financing Sustainable Growth* [Plean Gníomhaíochta: Maoiniú Fás Inbhuanaithe];

15. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ na riachtanais shonracha agus na dálaí ar leith atá ag páirtithe ar tíortha iad atá i mbéal forbartha, go háirithe na stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha agus na tíortha is lú forbairt, atá an-leochaileach maidir le drochéifeachtaí an athraithe aeráide, agus gur gá tacaíocht thráthúil spriocdhírithe a thabhairt dóibh chun dul i ngleic leis na héifeachtaí sin agus chun iad a íoslaghdú;

16. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá gníomhaithe nach stáit iad agus an méid a rannchuidíonn siad le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach, trí uaillmhian na bpáirtithe a chomhlánú agus a spreagadh, lena n-áirítear trí ról a bheith acu in idirphlé *Talanoa*, agus an ról tacaíochta láidir atá ag an gclár oibre maidir le gníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide, a thugann na páirtithe agus geallsealbhóirí nach páirtithe iad le chéile; i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI imeachtaí amhail an cruinniú a lean cruinniú mullaigh *One Planet* agus an cruinniú mullaigh domhanda ar son na haeráide i mí Mheán Fómhair 2018;

**AN BEALACH GO KATOWICE**

17. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh ar chlár oibre Chomhaontú Pháras; ATHDHEARBHAÍONN SÍ nár éirigh leis na páirtithe dul chun cinn a dhéanamh, go dtí seo, maidir le saincheisteanna conspóideacha agus TATHANTAÍONN SÍ ar na páirtithe dlús a chur leis an gcaibidlíocht chun clár oibre Chomhaontú Pháras a chur i gcrích, agus meon an chomhaontaithe agus a chothromaíocht chaolchúiseach a baineadh amach i bPáras a urramú ag an am céanna; TÁ SÍ AG TNÚTH le bheith ag obair de mheon dearfach leis na páirtithe uile sa tréimhse roimh COP24 agus ag an gcomhdháil féin; agus TACAÍONN SÍ le huachtaránacht Fhidsí ar COP/CMP/CMA agus leis an bPolainn, agus í lena seal a dhéanamh san uachtaránacht roimh COP24 agus ag an gcomhdháil féin in Katowice, d'fhonn clár oibre Chomhaontú Pháras a chur i gcrích, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann Comhaontú Pháras a chur chun feidhme ina iomláine;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gealltanas comhroinnte idir na páirtithe uile é spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus gurb é príomhchuspóir COP24 na rialacha agus na treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras a leanúint go mion, go cuimsitheach, go daingean agus go feidhmiúil;

19. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá do chlár oibre Chomhaontú Pháras, atá le glacadh ag COP24, tacar comhchoiteann rialacha a chur ar fáil do chur chun feidhme cothrom cruinn na bhforálacha uile sa chomhaontú, a bheidh infheidhme maidir leis na páirtithe uile agus lena dtabharfar aghaidh, ag an am céanna, ar phointí tosaigh éagsúla agus ar chumais athraitheacha na bpáirtithe sin;

20. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a riachtanaí a bheidh an trédhearcacht agus an chuntasacht, a bhéarfar leis na rialacha maidir leis an ngníomhaíocht agus leis an tacaíocht faoi seach, d'fhonn muinín a chruthú agus a chothabháil i measc na bpáirtithe má táimid lenár ngealltanais a chur chun feidhme ar bhealach trédhearcach cruinn iomlánach inchomparáide comhsheasmhach, agus sláine chomhshaoil á caomhnú ag an am céanna, lena n-áirítear tríd an gcomhaireamh dúbailte a sheachaint, agus chun a mheas an bhfuilimid, go haonarach nó i gcuibhreann le chéile, ar an mbealach ceart chun na gealltanais a thugamar faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé athbhreithniú domhanda cuí-oiriúnaithe a dhearadh mar phríomhghné de thimthriall mór uaillmhéine lena gcuirfear eolas agus dreasacht ar fáil do phróisis lena gcuirfear, de réir a chéile, feabhas leanúnach ar ghníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, rud a fhágfaidh gur féidir leis na páirtithe go léir athrú go réidh chuig spriocanna a dhíríonn ar gach réimse sa gheilleagar; MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé féachaint le hamchlár comhchoiteann a leagan síos le haghaidh na bpáirtithe uile maidir le NDCanna;

21. ATHDHEIMHNÍONN SÍ gealltanas an Aontais tacaíocht leanúnach a thabhairt do na tíortha atá i mbéal forbartha agus iarrachtaí á ndéanamh acu sin Comhaontú Pháras a chur chun feidhme, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus na stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha; IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chun feidhme an tionscnaimh fothaithe acmhainní maidir leis an trédhearcacht agus TACAÍONN SÍ leis sin agus le tionscnaimh eile, amhail comhpháirtíocht NDC, d'fhonn feabhas a chur ar acmhainní náisiúnta, ar an bhforbairt agus ar an aistriú teicneolaíochta; TÁ SÍ AG TNÚTH le cur chun feidhme iomlán an chláir do phobail áitiúla agus pobail dhúchasacha ag COP24;

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcuirfidh sí go mór le gealltanas an Aontais maidir le próiseas *Talanoa*, próiseas ina mbeidh na páirtithe uile in ann breathnú ar na hiarrachtaí comhchoiteanna agus ar an dul chun cinn a rinne siad i ndáil leis an sprioc fhadtéarmach atá in Airteagal 4.1 de Chomhaontú Pháras, agus go gcuirfidh sí eolas ar fáil d'ullmhúchán na NDCanna, ar gá iad a thuairisciú faoi 2020, i gcomhréir le sainordú Chomhaontú Pháras; IS DÍOL SÁSAIMH DI an meon dearfach agus na comhráite cuiditheacha a bhí ann le linn chéim ullmhúcháin idirphlé *Talanoa*, go háirithe ag na cruinnithe comhchéime a tionóladh in Bonn i mí na Bealtaine 2018 agus seisiún na bhfochuideachtaí ar siúl; IS DÍOL DÓCHAIS DI na pléití a bhí ann ag *EU for Talanoa* (an Bhruiséil, 13 Meitheamh 2018) agus ag imeachtaí eile *Talanoa* a d'eagraigh na Ballstáit agus páirtithe eile, gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad san áireamh, ó cheann ceann na bliana 2018;

23. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart d'idirphlé *Talanoa* machnamh ionraic domhanda a spreagadh maidir le leordhóthanacht na NDCanna atá ann faoi láthair agus leordhóthanacht an chomhair idirnáisiúnta ar son na haeráide, agus gur cheart an t-idirphlé sin a bhunú ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil agus ar an eolas i dtuairisc speisialta IPCC maidir leis na tionchair a ghabhann le téamh domhanda 1.5 °C; TÁ SÍ AG SÚIL go gcuirfear ar fáil spás ar leith d'fhonn tuiscint ar impleachtaí na tuarascála sin a éascú; CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart, de thoradh idirphlé *Talanoa* in Katowice, do na páirtithe uile gealltanas a thabhairt go mbreathnóidh siad ar a leibhéil uaillmhéine agus go gcuirfí eolas ar fáil d'ullmhúcháin NDCanna na bPáirtithe de bhun Airteagal 4 de Chomhaontú Pháras; CUIREANN SÍ I bhFIOS go leanfaidh an tAontas de bheith ag cruthú móiminteam dearfach i measc na bpáirtithe uile d'fhonn an uaillmhian dhomhanda i leith na haeráide a fheabhsú; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil an tAontas réidh, i gcomhréir le mír 24 de Chinneadh 1/CP21, a NDC a thuairisciú nó a nuashonrú faoi 2020, na hiarrachtaí breise comhpháirteacha atá ag teastáil agus na gníomhartha arna ndéanamh ag na Páirtithe ar fad á gcur san áireamh, chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

24. TÁ SÍ AG SÚIL le hócáid ardleibhéil dhearfach de chuid na mórghníomhaithe domhanda ar son na haeráide ag COP24 agus le hidirphlé ardleibhéil na n-airí maidir leis an maoiniú ar son na haeráide, mar aon leis an athbhreithniú ar an gcur chun feidhme a rinneadh agus an uaillmhian a nochtadh roimh 2020 chun an cur chun cinn a léiriú agus chun deiseanna a aimsiú d'fhonn iarrachtaí na bpáirtithe uile a spreagadh agus a dhreasú;

**<u>PRÓISIS EILE</u>**

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe cruinniú mullaigh aeráide a óstáil in 2019 d'fhonn dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide i bhfianaise cur chun feidhme Chomhaontú Pháras; cuirfidh sé leis an méid a thiocfaidh as idirphlé *Talanoa*;

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) straitéis tosaigh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus gur aontaigh sí ar an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 50 % ar a laghad faoi 2050 i gcomparáid le 2008 agus deireadh a chur leo, diaidh ar ndiaidh, chomh luath agus is féidir sa chéad seo; is mar sin a chabhróidh an earnáil le spriocanna teochta Pháras a bhaint amach; MOLANN SÍ go nglacfaí gan mhoill le clár oibre uaillmhianach chun bearta breise a chur chun feidhme ag an gcéad chruinniú eile den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí i mí Dheireadh Fómhair 2018;

27. MEABHRAÍONN SÍ gur gá d'earnáil na heitlíochta idirnáisiúnta a cuid féin den obair a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a mhaolú; IARRANN SÍ ar ICAO teacht ar chomhaontú maidir le sprioc fhadtéarmach a bheidh comhsheasmhach le spriocanna fadtéarmacha teochta Chomhaontú Pháras ag an gcéad chomhdháil eile a bheidh ag ICAO in 2019; agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá sláine chomhshaoil CORSIA a dhaingniú, lena n-áirítear trí chomhaireamh dúbailte na laghduithe astaíochta a sheachaint; agus IARRANN SÍ ar ICAO a ghlacadh gan mhoill eilimintí riachtanacha cur chun feidhme CORSIA nár ghlac sé fós;

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit go léir chun a chinntiú go gcríochnóidh siad a nósanna imeachta daingniúcháin náisiúnta i ndáil le leasú Kigali ar Phrótacal Montréal.